



2024/2545

26.11.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2545 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meán Fómhair 2024

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha le haghaidh an chomhair agus an mhalartaithe faisnéise idir údaráis inniúla

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcrípteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 95(11), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ó nádúr, is margaí trasteorann iad margaí i gcrípteashócmhainní. Is gá, dá bhrí sin, a áirithiú gur féidir le húdaráis inniúla i mBallstáit éagsúla oibriú i gcomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú a chuireann ar a gcumas maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar eisitheoirí agus tairgeoirí crípteashócmhainní agus soláthraithe seirbhísí crípteashócmhainní a oibríonn ar fud an Aontais. Ba cheart rochtain a bheith ag údaráis inniúla ar an bhfaisnéis is gá chun gur féidir a ndualgais agus a bhfeidhmeanna maoirseachta, imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin a chomhlíonadh go héifeachtach.
- (2) Chun a áirithiú go mbeidh na húdaráis inniúla in ann comhoibriú le chéile agus faisnéis a mhalartú ar bhealach éifeachtúil tráthúil agus cúnamh a thabhairt dá chéile chun críocha Rialachán (AE) 2023/1114, is iomchuí nósanna imeachta, foirmeacha agus teimpléid choiteanna a leagan amach maidir le hiarrataí ar chúnamh, admhálacha fála agus freagraí ar iarrataí den sórt sin a chur isteach.
- (3) Ba cheart faisnéis a mhalartú i scríbhinn go hiondúil. Mar sin féin, ba cheart cumarsáid ó bhéal a bheith indéanta i gcásanna iomchuí, lena n-áirítear, go háirithe, sula seolfar iarraidh i scríbhinn ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise, chun faisnéis a sholáthar maidir le hiarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise atá ar na bacáin, nó chun aon tsaincheist a phlé a d'fhéadfadh a fhágáil go mbeadh sé deacair an iarraidh sin a chomhlíonadh. I gcásanna práinneacha, ba cheart é a bheith indéanta freisin iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise a chur in iúl ó bhéal, ar choinníoll nach é is cúis leis an bpráinn sin moill ar thaobh an pháirtí iarrthaigh.
- (4) Ba cheart iarrataí práinneacha ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise a cheadú i gcás ina n-éilíonn an t-údarás iarrthach freagairt phras chun díobháil shuntasach a stopadh nó chun díobháil shuntasach a d'fhéadfadh a bheith ann d'infheisteoirí nó do chobhsaíocht an chórais airgeadais agus d'iontaoibh sa chóras airgeadais a chosc. Áirítear leis sin cásanna ina bhfuair údarás inniúil Ballstáit óstaigh fianaise le déanaí, mar shampla, lena léirítear go bhfuil crípteashócmhainní á margú ag soláthraí seirbhísí crípteashócmhainní atá údaraithe i mBallstát eile, ar crípteashócmhainní iad nach bhfuil comhoiriúnach leis na forálacha maidir le cosaint cliant nó sealbhóirí miondíola a leagtar amach in Airteagal 102 de Rialachán (AE) 2023/1114. Ba cheart iarrataí práinneacha a cheadú freisin i gcás ina bhfuil gearáin ábhartha faighte ag údarás inniúil Ballstáit óstaigh a bhaineann le soláthraí seirbhísí crípteashócmhainní atá údaraithe i mBallstát eile nó i gcás ina bhfuil cúiseanna ag údarás inniúil lena chreidiúint go bhfuil soláthraí seirbhísí crípteashócmhainní atá ag feidhmiú ina dhlínse i mbaol dócmhainneachta, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chliant ina dhlínse nó do chobhsaíocht na margaí airgeadais.
- (5) Bunaítear le Rialachán (AE) 2023/1114 go n-oibreoidh údaráis inniúla i gcomhar le chéile, go malartóidh siad faisnéis agus go dtabharfaidh siad cúnamh dá chéile.

⁽¹⁾ IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj>.

- (6) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le tarchur faisnéise gan iarraidh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1114, lena n-áirítear ar bhonn deonach i gcás ina measann údarás inniúil Ballstáit go bhféadfadh an fhaisnéis atá ina sheilbh a bheith úsáideach d'údarás inniúil eile. Agus faisnéis gan iarraidh á tarchur aige, ba cheart don údarás inniúil a áirithiú go bhfuil bunús dlí leis sin a dhéanamh, agus ba cheart dó é a shonrú san fhoirm a leagtar amach san Iarscríbhinn ábhartha.
- (7) Le hiarraidh ar chúnamh de bhun Airteagal 95 de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart faisnéis leordhóthanach a sholáthar faoi ábhar na hiarrata, lena n-áirítear an chúis atá leis an iarraidh agus an comhthéacs, chun a chur ar chumas an údaráis iarrtha an iarraidh a phróiseáil go héifeachtúil agus go caoithiúil. Níor cheart é a bheith riachtanach d'údarás iarrthach na fíorais is cúis le hamhras faoi shárú a spreag an iarraidh a chur in iúl i gcás ina bhfuil an fhaisnéis iarrtha riachtanach chun go gcomhlíonfaidh an t-údarás sin a dhualgaís.
- (8) Leis na nósanna imeachta le haghaidh comhair, ba cheart an chumarsáid, an comhairliúchán agus an idirghníomhaíocht idir an t-údarás iarrthach agus an t-údarás iarrtha a cheadú agus a éascú, chun próiseáil éifeachtúil iarrataí ar fhaisnéis nó ar chúnamh a áirithiú. Ba cheart go gcuirfeadh na nósanna imeachta sin ar chumas na n-údarás inniúil aiseolas a thabhairt dá chéile maidir le húsáideacht na faisnéise nó an chúnamh a fuarthas, maidir le toradh an cháis ar i ndáil leis a iarradh an cúnamh, agus maidir le haon fhadhb a tháinig chun cinn agus an fhaisnéis nó an cúnamh sin á sholáthar.
- (9) Leis na nósanna imeachta agus na foirmeacha le haghaidh malartú faisnéise agus cúnamh, ba cheart rúndacht na faisnéise a mhalartaítear nó a tharchuirtear a áirithiú agus ba cheart a áirithiú freisin go gcomhlíontar na rialacha maidir le cearta daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.
- (10) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna bhforbairt ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i ndlúthchomhar leis an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin.
- (11) D'iarr ESMA comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.
- (12) Ní dhearna ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, ná níl anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na caighdeáin sin a thabhairt isteach, ós rud é go mbeadh sé an-díréireach i ndáil le raon feidhme agus tionchar na gcaighdeán sin dá ndéanfaí amhlaidh, agus é á chur san áireamh nach ndéanadh an Rialachán seo difear ach do na húdaráis agus do na heintitis inniúla agus nach ndéanadh sé difear do rannpháirtithe sa mhargadh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhíniú

Chun críocha an Rialacháin seo, is éard is 'modh leictreonach' ann trealamh leictreonach le haghaidh próiseáil (lena n-áirítear comhbhrú digiteach), stóráil agus tarchur sonraí, lena n-úsáidtear sreanga, raidió, teicneolaíochtaí optúla, nó aon mhodh leictreamaighnéadach eile lena n-áirithítear go gcoinnítear iomláine, sláine agus rúndacht na faisnéise ar bun le linn an tarchuir.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj>).

*Airteagal 2***Pointí teagmhála**

1. Ainmneoidh gach údarás inniúil pointe teagmhála chun iarrataí ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise a chur in iúl de bhun Airteagal 95 de Rialachán (AE) 2023/1114.
2. Cuirfidh údaráis inniúla sonraí a bpointí teagmhála in iúl do ESMA faoin 15 Eanáir 2025 agus soláthróidh siad faisnéis nuashonraithe do ESMA de réir mar is gá.
3. Déanfaidh ESMA liosta de na pointí teagmhála arna n-ainmniú ag na húdaráis inniúla de bhun mhír 1 a chothabháil agus a choimeád cothrom le dáta.

*Airteagal 3***Iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise**

1. Déanfaidh údarás iarrthach iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise i scríbhinn, tríd an bpost nó trí mhodhanna leictreonacha. Cuirfidh sé an iarraidh faoi bhráid an phointe teagmhála arna ainmniú de bhun Airteagal 2.
2. Agus comhar nó malartú faisnéise á iarraidh aige, úsáidfídh údarás inniúil an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus déanfaidh sé an méid seo a leanas:
 - (a) sonrófar ann mionsonraí na faisnéise ábhartha a iarraidh;
 - (b) sainaitheofar ann, i gcás inarb iomchuí, saincheistanna a bhaineann le rúndacht na faisnéise arna iarraidh.

*Airteagal 4***Admháil fála iarrataí ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise**

1. Laistigh de 5 lá oibre ó iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise a fháil, seolfaidh an t-údarás iarrtha admháil fála, tríd an bpost nó trí mheán leictreonach, chuig an bpointe teagmhála arna ainmniú de bhun Airteagal 2, mura sonraítear a mhalairt san iarraidh. Déanfar an admháil fála trí úsáid a bhaint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus áireofar inti, i gcás inarb féidir, léiriú ar an dáta measta nó ar an tréimhse ama mheasta ina bhfuiltear ag súil go gcuirfear freagra ar fáil.
2. I gcás nach féidir dáta nó creat ama measta don fhreagra a chur in iúl, cuirfidh an t-údarás iarrtha in iúl a mhinice a thabharfaidh sé an t-údarás iarrthach cothrom le dáta.

*Airteagal 5***Freagra ar iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise**

1. Freagróidh an t-údarás iarrtha iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise i scríbhinn, tríd an bpost nó trí mheán leictreonach. Díreofar an freagra chuig an bpointe teagmhála arna ainmniú de bhun Airteagal 2, mura sonraítear a mhalairt san iarraidh. I gcás ina n-éilíonn an t-údarás iarrtha faisnéis bhreise i ndáil leis an iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise, iarraidh sé soiléirithe breise go pras trí aon mhodh ar bith.
2. Tabharfaidh an t-údarás iarrtha freagra ar an iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise trí úsáid a bhaint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus déanfaidh sé an méid seo a leanas:
 - (a) gach beart réasúnach a dhéanamh laistigh de raon feidhme a chumhachtaí chun an fhaisnéis nó an cúnamh arna iarraidh a chur ar fáil;
 - (b) gníomhú gan moill mhíchuí, agus castacht na hiarrata agus an gá atá le rannpháirtíocht tríú páirtithe nó údaráis inniúil eile á gcur san áireamh.

3. I gcás ina ndiúltóidh an t-údarás iarrtha gníomhú, go hiomlán nó go páirteach, de bhun iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise, cuirfidh sé an t-údarás iarrthach ar an eolas a luaithe is féidir faoina chinneadh i scríbhinn, tríd an bpost nó trí mheán leictreonach, agus cuirfidh sé in iúl cé acu de na forais le diúltú a leagtar amach in Airteagal 95(2) de Rialachán (AE) 2023/1114 ar ar bhraith sé.

Airteagal 6

Iarrataí práinneacha ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise

1. De mhaolú ar Airteagal 4 agus Airteagal 5, beidh feidhm ag an nós imeachta san Airteagal seo maidir le hiarrataí práinneacha ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise.
2. Sonróidh an t-údarás iarrthach, ar bhealach soiléir, na cúiseanna atá le práinn na hiarrata, agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn I.
3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh an t-údarás iarrthach an fhaisnéis a chur in iúl ó bhéal ar dtús i gcás ina bhfuil údar leis sin de bharr na n-imthosca nithiúla a spreag an iarraidh. Déanfar an aighneacht sin ó bhéal a dhearbhu i scríbhinn ina dhiaidh sin agus a tharchur chuig an údarás iarrtha gan moill mhíchui trí úsáid a bhaint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn I, mura gcomhaontóidh an t-údarás iarrtha a mhalairt.
4. Laistigh de 3 lá oibre ó iarraidh phráinneach ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise a fháil, seolfaidh an t-údarás iarrtha admháil fála i scríbhinn, tríd an bpost nó trí mhodh leictreonach, chuig an bpointe teagmhála arna ainmniú de bhun Airteagal 2, mura sonraítear a mhalairt san iarraidh, agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II.
5. Mura n-aontaíonn an t-údarás iarrtha le práinn na hiarrata, cuirfidh sé an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi sin in éineacht leis an admháil fála, agus sonróidh sé na cúiseanna atá leis sin ar bhealach soiléir agus úsáidfídh sé an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II. I gcás den sórt sin, ní dhéileálfar leis an iarraidh mar iarraidh phráinneach ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise.
6. I gcás ina ndiúltóidh an t-údarás iarrtha gníomhú, go hiomlán nó go páirteach, ar iarraidh phráinneach ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise, cuirfidh sé an t-údarás iarrthach ar an eolas a luaithe is féidir faoina chinneadh i scríbhinn, tríd an bpost nó trí mhodh leictreonach, agus cuirfidh sé in iúl cé acu de na forais le diúltú a leagtar amach in Airteagal 95(2) de Rialachán (AE) 2023/1114 ar ar bhraith sé.
7. Tabharfaidh an t-údarás iarrtha freagra beacht cuimsitheach a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis dó an iarraidh a fháil. Cuirfear an freagra ar fáil i scríbhinn, tríd an bpost nó trí mhodhanna leictreonacha, agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III, mura gcomhaontóidh an t-údarás iarrthach a mhalairt.
8. I gcás nach mbeidh an t-údarás iarrtha in ann freagra beacht cuimsitheach a chur ar fáil don údarás iarrthach laistigh de 10 lá oibre, déanfaidh sé, de mhaolú ar mhír 7, freagra páirteach a chur ar fáil laistigh den sprioc-am sin. Sa chás sin, tabharfaidh an t-údarás iarrtha freagra beacht cuimsitheach laistigh de 20 lá oibre ón dáta a fhaightear an iarraidh bhunaidh. I gcás nach mbeidh an t-údarás iarrtha in ann an fhaisnéis uile is gá a bhailiú laistigh den sprioc-am sin, soláthróidh sé míniú ar na srianta ábhartha don údarás iarrthach.

Airteagal 7

Nósanna imeachta chun iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise a sheoladh agus a phróiseáil

1. Déanfaidh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás iarrtha cumarsáid trí úsáid a bhaint as na modhanna is caoithiúla, agus aird chuí á tabhairt ar an méid seo a leanas:
 - (a) breithnithe rúndachta;
 - (b) amanna comhfhreagrais;
 - (c) méid an ábhair atá le cur in iúl;

- (d) a éasca atá sé don údarás iarrthach rochtain a fháil ar an bhfaisnéis.

Freagróidh an t-údarás iarrthach go pras aon iarraidh ar shoiléirithe ón údarás iarrtha.

2. I gcás nach féidir freagra a chur ar fáil faoin dáta measta nó faoin gcreat ama measta dá dtagraítear in Airteagal 4(1), tabharfaidh an t-údarás iarrtha dáta measta nua nó creat ama measta nua don údarás iarrthach ina míneofar na cúiseanna atá leis an moill, agus úsáid á baint as na modhanna céanna a úsáideadh chun a admháil go bhfuarthas an iarraidh.

3. Comhoibreoidh an t-údarás iarrtha agus an t-údarás iarrthach chun réiteach a fháil ar aon deacracht a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le hiarraidh a fhorghníomhú.

Airteagal 8

An nós imeachta maidir le hiarrataí a bhaineann le ráiteas a ghlacadh ó dhuine

1. I gcás ina n-áireoidh an t-údarás iarrthach laistigh dá iarraidh ráiteas a ghlacadh ó aon duine, déanfaidh an t-údarás iarrtha agus an t-údarás iarrthach, faoi réir teorainneacha nó srianta dlíthiúla atá ann cheana agus aon difríocht sna ceanglais nós imeachta, an méid seo a leanas a mheasúnú agus a chur san áireamh:

- (a) cearta na ndaoine óna nglacfar na ráitis, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, aon saincheist maidir le féin-ionchoiriú;
- (b) ról agus cineál rannpháirtíochta fhoireann an údaráis iarrtha agus an údaráis iarrthaigh i dtógáil an ráitis, go háirithe cé acu an bhfuil an rannpháirtíocht gníomhach nó éighníomhach;
- (c) cé acu atá nó nach bhfuil sé de cheart ag an duine óna bhfuil an ráiteas le glacadh cúnamh a fháil ó ionadaí dlíthiúil agus, má tá, raon feidhme chúnamh an ionadaí dhlíthiúil le linn ghlacadh an ráitis, lena n-áirítear i ndáil le haon taifead nó tuarascáil ar an ráiteas;
- (d) cé acu an bhfuil an ráiteas le glacadh ar bhonn deonach nó ar bhonn éigeantach, i gcás inarb ann don idirdhealú sin;
- (e) cibé acu, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil tráth na hiarrata, an finné nó an amhrastach é an duine óna bhfuil an ráiteas le tógáil, i gcás inarb ann don idirdhealú sin;
- (f) cibé acu, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil tráth na hiarrata, an bhféadfaí an ráiteas a úsáid nó an bhfuil sé beartaithe é a úsáid in imeachtaí coiriúla;
- (g) inghlacthacht an ráitis i ndlínse an údaráis iarrthaigh;
- (h) taifeadadh an ráitis agus na nósanna imeachta is infheidhme, lena n-áirítear cibé acu an mbeidh an ráiteas comhaimseartha, an ndéanfar achoimre air i miontuairiscí scríofa nó an ndéanfar é a thaifeadadh ar mhodh fuaimne nó closamhairc;
- (i) nósanna imeachta maidir le deimhniú nó daingniú an ráitis ag na daoine a sholáthraíonn an ráiteas, lena n-áirítear cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an deimhniú nó an dearbhú sin tar éis an ráiteas a thógáil; agus
- (j) an nós imeachta chun an ráiteas a tharchur chuig an údarás iarrthach, lena n-áirítear formáid agus uainiú an tarchuir sin.

2. Áiritheoidh an t-údarás iarrtha agus an t-údarás iarrthach go mbeidh socruithe i bhfeidhm a chuirfidh ar chumas a bhfoirne dul ar aghaidh go héifeachtúil agus teacht ar chomhaontú maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) dátaí a phleanáil;
- (b) liosta de na ceisteanna a bheidh le cur ar an duine óna bhfuil an ráiteas le tógáil;
- (c) socruithe taistil, lena n-áirítear a áirithiú go mbeidh an t-údarás iarrtha agus an t-údarás iarrthach in ann teacht le chéile chun an t-ábhar a phlé sula dtógfar an ráiteas;

- (d) socruithe teanga;
- (e) aon tsaincheist phraiticiúil eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn i dtaca le ráiteas a thógáil.

Airteagal 9

An nós imeachta maidir le hiarrataí a bhaineann le himscrúdú nó le cigireacht ar an láthair

1. I gcás ina ndéanfar iarraidh ar imscrúdú nó cigireacht ar an láthair a dhéanamh de bhun Airteagal 95(4) de Rialachán (AE) 2023/1114, rachaidh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás iarrtha i gcomhairle le chéile maidir leis an mbealach is fearr chun éifeacht úsáideach a thabhairt don iarraidh, agus Airteagal 95(4), an dara fómhír, pointe (a) go pointe (d), de Rialachán (AE) 2023/1114 á chur san áireamh, lena n-áirítear maidir leis an bhfiúntas a bhaineann le himscrúdú comhpháirteach nó cigireacht chomhpháirteach ar an láthair a dhéanamh.
2. Coinneoidh an t-údarás iarrtha an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi dhul chun cinn an imscrúdaithe nó na cigireachta ar an láthair agus tarchuirfidh sé a thorthaí go pras chuig an údarás iarrthach.
3. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le himscrúdú comhpháirteach nó cigireacht chomhpháirteach ar an láthair a thionscnamh, cuirfidh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás iarrtha an méid seo a leanas ar a laghad san áireamh:
 - (a) inneachar aon iarraidh ar chúnamh a fhaightear ón údarás iarrthach lena n-áirítear aon mholadh maidir lena iomchuí atá sé imscrúdú comhpháirteach nó cigireacht chomhpháirteach ar an láthair a dhéanamh;
 - (b) cé acu an bhfuil a gcuid fiosrúcháin féin á ndéanamh ar leithligh ag na húdaráis inniúla ar ábhar a bhfuil impleachtaí trasteorann aige agus an mbeadh an t-ábhar sin níos oiriúnaí do ghníomhaíocht chomhpháirteach;
 - (c) an creat dlíthiúil agus rialála i ngach ceann dá ndlínsí chomh maith leis na srianta agus na teorainneacha dlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haon imscrúdú comhpháirteach nó cigireacht chomhpháirteach ar an láthair a dhéanamh agus maidir le haon imeacht a d'fhéadfadh a bheith ann ina dhiaidh sin, lena n-áirítear aon saincheist a bhaineann leis an bprionsabal *ne bis in idem*;
 - (d) an bainistiú agus an treorú is gá chun an t-imscrúdú nó an chigireacht ar an láthair a dhéanamh;
 - (e) leithdháileadh na n-acmhainní agus ceapadh na foirne a bheidh i gceannas ar imscrúduithe nó ar chigireachtaí ar an láthair a dhéanamh;
 - (f) an fhéidearthacht comhphlean gníomhaíochta agus sceideal ama a bhunú don obair a bheidh le déanamh ag gach údarás inniúil;
 - (g) cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh, i gcomhpháirt nó go haonarach, ag gach údarás inniúil;
 - (h) comhroinnt frithpháirteach na faisnéise a bhailítear agus tuairisciú ar thorthaí aon ghníomhaíochta aonair a dhéantar;
 - (i) saincheistanna eile a bhaineann go sonrach le cásanna.
4. I gcás ina gcinntídh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás iarrtha imscrúdú comhpháirteach nó cigireacht chomhpháirteach ar an láthair a dhéanamh, déanfaidh siad an méid seo a leanas:
 - (a) teacht ar chomhaontú maidir le nósanna imeachta chun é a sheoladh agus a thabhairt i gcrích;
 - (b) dul i mbun idirphlé leanúnach chun comhordú a dhéanamh ar an mbailiú faisnéise agus ar an aimsiú comhpháirteach fíoras;
 - (c) oibriú go dlúth le chéile agus oibriú i gcomhar le chéile chun an t-imscrúdú comhpháirteach nó an chigireacht chomhpháirteach ar an láthair a dhéanamh;
 - (d) cúnamh frithpháirteach a sholáthar maidir le himeachtaí forfheidhmithe ina dhiaidh sin a mhéid a cheadaítear go dlíthiúil, lena n-áirítear comhordú a dhéanamh ar aon imeacht nó aon ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin eile a bhaineann le toradh an imscrúdaithe chomhpháirtigh nó na cigireachta comhpháirtí ar an láthair, bíodh siad de chineál riaracháin, sibhialta nó coiriúil, nó, i gcás inarb iomchuí, na hionchais maidir le socraíocht;

- (e) na forálacha dlí sonracha lena rialaítear ábhar an imscrúdaithe chomhpháirtigh nó ábhar na cigireachta comhpháirtí ar an láthair a shainaithint.

Airteagal 10

Soláthar faisnéise gan iarraidh

I gcás ina bhfuil faisnéis ag údarás inniúil a chreideann sé a chuideodh le húdarás inniúil eile chun a dhualgais a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2023/1114, tarchuirfidh sé an fhaisnéis sin i scríbhinn tríd an bpost nó trí mhodh leictreonach chuig an údarás inniúil eile gan moill mhíchúí, agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, agus sonróidh sé an bunús dlí chun an fhaisnéis a sholáthar.

Airteagal 11

Srianta agus úsáid cheadaithe na faisnéise

1. Áireoidh an t-údarás iarrthach agus an t-údarás iarrtha rabhadh iomchuí rúndachta iomchuí in aon iarraidh ar chúnamh, freagra ar iarraidh ar chúnamh nó tarchur faisnéise gan iarraidh i gcomhréir leis na foirmeacha a leagtar amach san Iarscríbhinn ábhartha.
2. Más rud é, chun an iarraidh a fhorghníomhú, go gceanglaítear ar an údarás iarrtha an fíoras a nochtadh go ndearna an t-údarás iarrthach iarraidh, nochtfaidh sé an iarraidh tar éis dó cineál agus méid an nochtadh is gá a phlé leis an údarás iarrthach agus tar éis dó toiliú an údaráis inniúil sin a fháil maidir leis an nochtadh sin. I gcás nach dtabharfaidh an t-údarás iarrthach a thoiliú don nochtadh, ní ghníomhóidh an t-údarás iarrtha de réir na hiarrata, agus féadfaidh an t-údarás iarrthach a iarraidh a tharraingt siar nó a chur ar fionraí go dtí go mbeidh sé in ann toiliú den sórt sin a thabhairt maidir le nochtadh.
3. Ní úsáidfear faisnéis a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 10 ach amháin chun a áirithiú go gcomhlíonfar nó go bhforfheidhmeofar forálacha Rialachán (AE) 2023/1114, lena n-áirítear imeachtaí coiriúla, riaracháin, sibhialta nó araíonachta a thionscnamh, a sheoladh nó cúnamh a thabhairt ina leith, ar imeachtaí iad a eascraíonn as sárú ar fhorálacha an Rialacháin sin.

Airteagal 12

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

AN FHOIRM LE hAGHAIDH IARRAIDH AR CHOMHAR NÓ AR MHALARTÚ FAISNÉISE

Iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéis

Uimhir thagartha:

Dáta:

Faisnéis ghinearálta

Ó

Ballstát:

Údarás Inniúil:

Seoladh:

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála)

Ainm:

Teileafón:

Seoladh Ríomhphoist:

CHUIG

Ballstát:

Údarás Inniúil:

Seoladh:

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála)

Ainm:

Teileafón:

Seoladh Ríomhphoist:

A [cuir isteach an t-ainm iomchuí], a chara,

I gcomhréir le hAirteagal 3 tá d'ionchur á lorg i ndáil leis na hábhair a leagtar amach thíos go mionsonraithe.

Bheinn buíoch as freagra a fháil ar an iarraidh thuas laistigh de [tabhair tráthchlár bunaithe ar an gcineál iarrata] ón iarraidh seo a fháil.

An Cineál Iarrata

Cuir tic leis an mbosca (nó na boscaí) cuí

Gníomhaíochtaí maoirseachta (faisnéis a sholáthar, ráiteas a ghlacadh)

Imscrúdú

Cigireacht ar an láthair

Práinn na hIarrata

Cuir tic leis an mbosca (nó na boscaí) cuí

Iarraidh neamhphráinneach

Iarraidh phráinneach

Iarrann an [t-údarás iarrthach] ar an [údarás iarrtha] a mheas go bhfuil práinn leis an iarraidh seo ar na cúiseanna seo a leanas:

[sonraigh, ar bhealach soiléir, na cúiseanna is bun le práinn na hiarrata, lena n-áirítear más ó bhéal a rinneadh an iarraidh ar dtús]

Cúiseanna leis an Iarraidh

[cuir isteach foráil nó forálacha na reachtaíochta earnála i) faoina bhfuil an t-údarás iarrthach inniúil chun déileáil leis an ábhar agus ii) a d'fhéadfadh a bheith sáraithe.]

Baineann an iarraidh le comhar nó le malartú faisnéise maidir le

[cuir isteach an tuairisc ar ábhar na hiarrata, an cuspóir a bhfuil an comhar nó an malartú faisnéise á lorg ina leith, na fíorais is bun leis an imscrúdú atá mar bhunús leis an iarraidh agus an míniú ar an gcaoi a mbeidh an freagra ar an bhfaisnéis nó ar an gcúnamh a iarradh úsáideach chun na dualgais faoi Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh ⁽¹⁾]

Sa bhreis ar

[más infheidhme, cuir isteach mionsonraí faoi aon iarraidh a rinneadh roimhe seo chun go mbeifear in ann í a shainaitheint]

(¹) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj>).

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2545/oj

9/18

Gníomhaíochtaí Maoirseachta (faisnéis a sholáthar, ráiteas a ghlacadh)

Faisnéis a sholáthar

Tabhair tuairisc mhionsonraithe ar an bhfaisnéis shonrach atá á lorg mar aon leis na cúiseanna a mbeidh an fhaisnéis sin ina cúnamh agus, más eol sin, liosta de na daoine a bhféadfadh an fhaisnéis atá á lorg a bheith acu nó na háiteanna ina bhféadfaí an fhaisnéis sin a fháil.

Má bhaineann an iarraidh le faisnéis a bhaineann le hidirbheart nó le hordú i gcrípteashócmhainn shonrach, tabhair an fhaisnéis seo a leanas.

An tAitheantas Táirge:

[cuir isteach tuairisc bheacht ar an gcrípteashócmhainn, lena n-áirítear an t-aitheantóir táirge i gcomhréir leis an Rialachán Tarmilgthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 68(10)(b) de Rialachán (AE) 2023/1114]

Aitheantas an duine:

[cuir isteach céannacht aon duine atá bainteach leis an idirbheart nó leis an ordú, lena n-áirítear duine atá ag déileáil sa chrípteashócmhainn nó duine a meastar go ndearnadh an déileáil thar a cheann nó thar a ceann. I gcás ina mbeidh sé ar fáil, cuir san áireamh aon chód aitheantais is infheidhme, amhail cód LEI nó aitheantas cliaint mar a dhéantar faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾]

Dátaí:

[cuir isteach na dátaí óna ndearnadh idirbhearta nó orduithe sna crípteashócmhainní sin, lena n-áirítear i gcás tréimhse shuntasach ama, na cúiseanna go bhfuil gá leis an tréimhse iomlán]

Má bhaineann an iarraidh le faisnéis a bhaineann le gnó nó gníomhaíochtaí duine, tabhair faisnéis a fhágann gur féidir an duine sin a shainaithint.

Má tá breithnithe speisialta ann maidir le híogaireacht na faisnéise atá á lorg, tabhair léiriú ar an íogaireacht sin agus ar aon réamhchúram speisialta nach mór a dhéanamh agus an fhaisnéis á bailiú i ngeall ar bhreithnithe a bhaineann leis an imscrúdú. Sonraigh freisin an bhféadfaidh an t-údarás iarrtha céannacht an údaráis iarrthaigh a nochtadh.

Tabhair aon fhaisnéis bhreise a mheastar a bheith ábhartha.

[Mar shampla, an raibh nó an mbeidh an t-údarás iarrthach i dteagmháil le haon údarás nó gníomhaireacht forfheidhmithe dlí eile i mBallstát an údaráis iarrtha i ndáil le hábhar na hiarrata nó le haon údarás eile a bhfuil, a mhéid is eol don údarás iarrthach, leas gníomhach aige in ábhar na hiarrata]

Ráiteas a ghlacadh

Léirigh, le do thoil:

(a) Ráiteas faoi:

i. mionn ☐

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/600/oj>).

ii. dearbhú ☐

iii. i scríbhinn ☐

(b) Bunús an ráitis:

i. deonach ☐

ii. éigeantach ☐

(c) An gá atá le ráiteas a thógáil agus an cuspóir atá leis agus, más infheidhme, an gá atá le ráiteas a éileamh faoi mhionn nó faoi dhearbhasc:

.....
.....
.....

(d) Ainm na ndaoine óna bhfuil an ráiteas le fáil:

.....
.....
.....

[cuir isteach mionsonraí na ndaoine óna dtógfar an ráiteas chun a chumasú don údarás iarrtha tús a chur leis an bpróiseas toghairme i gcás inarb infheidhme]

(e) Tuairisc mhionsonraithe ar an bhfaisnéis atá á lorg, lena n-áirítear réamhliosta ceisteanna (má tá siad ar fáil tráth na hiarrata).

.....
.....
.....

(f) Aon fhaisnéis bhreise a mheastar a bheith ábhartha:

.....
.....
.....

[Mar shampla, cé acu atá nó nach bhfuil foireann an údaráis iarrthaigh ag iarraidh rannpháirtíocht a dtógáil an ráitis, sonraí oifigiúla rannpháirteacha an údaráis iarrthaigh, i gcás inarb iomchuí, tuairisc ar aon cheanglais dhlíthiúla agus nós imeachta nach mór a chomhlíonadh chun inghlacthacht na ráiteas arna ndéanamh i ndlínse an údaráis iarrthaigh a áirithiú]

Imscrúdú a thionscnamh

Má bhaineann an iarraidh le himscrúdú a thionscnamh thar ceann an údaráis iarrthaigh, tabhair faisnéis chun é a chur ar a chumas don údarás iarrtha measúnú a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh leas a bheith aige imscrúdú comhpháirteach a dhéanamh, lena n-áirítear togra an údaráis iarrthaigh le haghaidh an imscrúdaithe, an réasúnaíocht atá aige leis an imscrúdú a thionscnamh agus na tairbhí a mheastar a bheith ann don údarás sin.

.....
.....
.....

[lena n-áirítear an fhaisnéis ábhartha uile is gá don údarás iarrtha a bheith in ann an cúnamh is gá a sholáthar trí imscrúdú nó imscrúdú comhpháirteach a thionscnamh, de réir mar is iomchuí]

Cigireacht ar an láthair a thionscnamh

Má bhaineann an iarraidh le cigireacht ar an láthair a thionscnamh thar ceann an údaráis iarrthaigh, tabhair faisnéis chun é a chur ar a chumas don údarás iarrtha measúnú a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh leas a bheith aige cigireacht chomhpháirteach ar an láthair a dhéanamh, lena n-áirítear togra an údaráis iarrthaigh le haghaidh na cigireachta, an réasúnaíocht atá aige le haghaidh na cigireachta agus na tairbhí a mheastar a bheith ann don údarás sin.

.....
.....
.....

[lena n-áirítear an fhaisnéis ábhartha uile is gá don údarás iarrtha chun an cúnamh is gá a sholáthar trí chigireacht ar an láthair nó cigireacht chomhpháirteach ar an láthair a oscailt, de réir mar is iomchuí]

Coinneofar an fhaisnéis atá san iarraidh seo faoi rún i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán seo agus le hAirteagal 100 de Rialachán (AE) 2023/1114. Comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 101 de Rialachán (AE) 2023/1114 i ndáil le haon sonraí pearsanta a áirítear san iarraidh seo. Go háirithe, áiritheoidh na húdaráis inniúla ábhartha go soláthrófar an fhaisnéis ábhartha uile maidir le próiseáil sonraí pearsanta do na hábhair sonraí i gcomhréir le Roinn 2 'Faisnéis agus rochtain ar shonraí pearsanta' de Chaibidil III 'Cearta an ábhair sonraí' de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾).

Mise le meas,

[síniú]

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, p. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>)

IARSCRÍBHINN II

FOIRM ADMHÁLA FÁLA

Admháil fála

Uimhir thagartha:

Dáta:

Ó

Ballstát:

Údarás Inniúil:

Seoladh:

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála)

Ainm:

Teileafón:

Seoladh Ríomhphoist:

CHUIG

Ballstát:

Údarás Inniúil:

Seoladh:

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála)

Ainm:

Teileafón:

Seoladh Ríomhphoist:

A [cuir isteach an t-ainm iomchuí], a chara,

Admhaímíd leis seo go bhfuarthas d'iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise [cuir isteach tagairt don iarraidh] an [cuir isteach an dáta].

☐

Ní bheidh [an t-údarás iarrtha] in ann freagra a thabhairt laistigh den sprioc-am a shonraítear san iarraidh ar na cúiseanna seo a leanas [sonraigh céin eisceacht/cé na heisceachtaí is infheidhme i do chás]:

[I gcás nach bhfuil an t-údarás iarrtha in ann freagra a thabhairt laistigh den sprioc-am a luaitear san iarraidh, tabhair cúiseanna agus an dáta freagartha measta]

- Measann [an t-údarás iarrtha] nach bhfuil práinn leis an iarraidh a fuarthas ón [údarás iarrthach] an [cuir isteach an dáta] ar na cúiseanna seo a leanas:

.....
.....

[I gcás nach n-aontaíonn an t-údarás iarrtha le práinn na hiarrata, tabhair cúiseanna laistigh den sprioc-am a leagtar amach in Airteagal 6(3)]

Déanfaidh na húdaráis inniúla ábhartha aon sonraí pearsanta a sholáthrófar a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾. Go háirithe, áiritheoidh na húdaráis inniúla ábhartha go soláthrófar an fhaisnéis ábhartha uile maidir le próiseáil sonraí pearsanta do na hábhair sonraí i gcomhréir le Roinn 2 'Faisnéis agus rochtain ar shonraí pearsanta' de Chaibidil III 'Cearta an ábhair sonraí' den Rialachán sin.

Mise le meas,

[síníú]

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1 ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>)

IARSCRÍBHINN III

Foirm chun freagra a thabhairt ar iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise

FREAGRA AR IARRAIDH AR CHOMHAR NÓ AR MHALARTÚ FAISNÉISE

Uimhir thagartha:

Dáta:

Ó

Ballstát:

Údarás Inniúil:

Seoladh:

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála)

Ainm:

Teileafón:

Seoladh Ríomhphoist:

CHUIG

Ballstát:

Údarás Inniúil:

Seoladh:

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála)

Ainm:

Teileafón:

Seoladh Ríomhphoist:

A [cuir isteach an t-ainm iomchuí], a chara,

'I gcomhréir le hAirteagal 5, tá d'iarraidh dar dáta [ll.mm.bbbb] agus an uimhir thagartha [cuir isteach an uimhir thagartha] próiseáilte againn.'

Faisnéis a bailíodh

[má bailíodh an fhaisnéis, leag amach anseo an fhaisnéis nó tabhair míniú ar an gcaoi a dtabharfar í]

Tá an fhaisnéis a sholáthraítear faoi rún agus nochtair í do [Cuir isteach ainm an údaráis iarrthaigh] de bhun [Cuir isteach foráil na reachtaíochta eárnála is infheidhme] agus ar an mbonn go bhfanfaidh an fhaisnéis faoi rún i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán seo agus le hAirteagal 100 de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

Comhlíonfaidh [Cuir isteach ainm an údaráis iarrthaigh] na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11 maidir le húsáidí incheadaithe na faisnéise arna soláthar, agus in Airteagal 101 de Rialachán (AE) 2023/1114 maidir le próiseáil agus aistriú sonraí pearsanta. Go háirithe, áiríteoidh na húdaráis inniúla ábhartha go soláthrófar an fhaisnéis ábhartha uile maidir le próiseáil sonraí pearsanta d'ábhair sonraí i gcomhréir le Roinn 2 'Faisnéis agus rochtain ar shonraí pearsanta' de Chaibidil III 'Cearta an ábhair sonraí' de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag [Cuir isteach ainm an údaráis iarrthaigh] faisnéis a sholáthraítear sa fhreagra sin a úsáid nó a nochtaidh chun críche seachas an chríoch a luaitear san iarraidh ach a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1114, [Cuir isteach ainm an údaráis iarrthaigh] tabharfaidh sé fógra do [Cuir isteach ainm an údaráis iarrtha] a bhfuil 10 lá oibre aige chun agóid a dhéanamh in aghaidh na húsáide nó an nochta sin, nó i gcás inar gá chun teorainn ama bheacht a chur in iúl faoina mbeidh siad in ann aiseolas den sórt sin a sholáthar.

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag [Cuir isteach ainm an údaráis iarrthaigh] faisnéis a sholáthraítear sa fhreagra seo a úsáid nó a nochtaidh chun aon chríche atá lasmuigh de raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1114, tabharfaidh sé fógra do [Cuir isteach ainm an údaráis iarrtha] agus, mura bhfuil feidhm ag an eisceacht a leagtar amach in Airteagal 100(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, gheobhaidh sé toiliú roimh ré ó [Cuir isteach ainm an údaráis iarrtha]. I gcás ina dtoilíonn [Cuir isteach ainm an údaráis iarrtha] leis an úsáid sin nó leis an nochtaidh sin, féadfaidh sé í a chur faoi réir coinníollacha áirithe.

Mise le meas,

[síniú]

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcrípteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj>).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1 ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

IARSCRÍBHINN IV

FOIRM CHUN FAISNÉIS A SHOLÁTHAR GAN IARRAIDH

Soláthar faisnéise gan iarraidh

Uimhir thagartha:

Dáta:

Ó

Ballstát:

Údarás Inniúil:

Seoladh:

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála)

Ainm:

Teileafón:

Seoladh Ríomhphoist:

CHUIG

Ballstát:

Údarás Inniúil:

Seoladh:

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála)

Ainm:

Teileafón:

Seoladh Ríomhphoist:

A [cuir isteach an t-ainm iomchuí], a chara,

I gcomhréir le hAirteagal 10, tá an fhaisnéis seo a leanas á soláthar againn, faisnéis a d'fhéadfadh a bheith ina cúnamh, dar linn chun do dhualgais a chomhlíonadh

An fhaisnéis a sholáthraítear

.....
.....
.....

[Leag amach mionsonraí na faisnéise anseo, lena n-áirítear, más ábhartha, tuairisc ar aon doiciméad tacaíochta nó ar aon ábhar atá i gceangal leis seo]

Tá an fhaisnéis a sholáthraítear faoi rún agus nochtair í do [Cuir isteach ainm an údaráis inniúil a fhaigheann an fhaisnéis] de bhun Airteagal 95 de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus ar an mbonn go bhfanfaidh an fhaisnéis faoi rún i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán seo agus le hAirteagal 100 de Rialachán (AE) 2023/1114.

Comhlíonfaidh [Cuir isteach ainm an údaráis inniúil a fhaigheann an fhaisnéis] na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11 maidir le húsáidí incheadaithe na faisnéise arna soláthar agus ceanglais Airteagal 101 de Rialachán (AE) 2023/1114 maidir le próiseáil agus aistriú sonraí pearsanta. Go háirithe, áiríteoidh na húdaráis inniúla ábhartha go soláthrófar an fhaisnéis ábhartha uile maidir le próiseáil sonraí pearsanta d'ábhair sonraí i gcomhréir le Roinn 2 'Faisnéis agus rochtain ar shonraí pearsanta' de Chaibidil III 'Cearta an ábhair sonraí' de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag [cuir isteach ainm an údaráis inniúil a fhaigheann an fhaisnéis] faisnéis a sholáthraítear sa fhreagra seo a úsáid nó a nochtaidh chun críoch eile seachas na críocha sin a luaitear in Airteagal 11(3) den Rialachán sin, tabharfaidh sé fógra do [Cuir isteach ainm an údaráis inniúil a sholáthraíonn an fhaisnéis] agus, mura bhfuil feidhm ag an eisceacht dá dtagraítear in Airteagal 100(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, gheobhaidh sé toiliú roimh ré ó [Cuir isteach ainm an údaráis inniúil a sholáthraíonn an fhaisnéis]. I gcás ina dtoilíonn [Cuir isteach ainm an údaráis inniúil a sholáthraíonn an fhaisnéis] leis an úsáid sin nó le nochtaidh na faisnéise, féadfaidh sé í a chur faoi réir coinníollacha áirithe.

Mise le meas,

[síníú]

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcrípteachócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40 ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1 ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).